



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2011

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Léann Clasaiceach

Ardleibhéal

D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo

Topaic 1: An Aithin i mbun Cogáochta

(i) (a) 35 marc 12, 12, 11.

Tá cur síos Thúicídídéis ar an bPlá i Leabhar 2 (lgh 151-156). Deir sé go raibh an Phlá ní ba nimhní san Aithin ná in aon áit eile; nach raibh na dochtúirí in ann déileáil leis an líon daoine breoite agus go raibh na rátaí báis ab airde acu; bhí aineolas iomlán ar an gcaoi le déileáil leis an tinneas. I dtosach, bhain daoine triail as íobairtí, oracail, etc. ach níor lean siad leis, bhí an fhulaingt rómhór nuair nár éirigh leo. Ar dtús, mheas siad gur chuir muintir Sparta nimh ina dtaiscumair. Go tobann, fuair daoine a bhí i mbarr a sláinte mothú dó ina gcloigne, d'iompaigh a súile dearg, bhí siad ag cur fola óna scornach agus a dteanga, bréan-anáil, piachán agus sraothartach, pian cliabhraigh agus urlacan, pian agus freangaí, craiceann dearg le hothrais, mothú dó chomh mór go raibh daoine ag iarraidh iad féin a thumadh in uisce, tart, easuan agus corrrhónacht. Cailleadh iad de ghnáth ar an 7ú nó 8ú lá, ach murach sin, fuair siad buinneach uafásach, daille uaireanta, cailteanas géag, cailteanas cuimhne. Luigh na mairbh gan adhlactha (ní dheachaigh na héin, a d'imigh gan tásc na tuairisc, i ngar dóibh). D'imigh breoiteachtaí eile. Buailleadh daoine láidre agus laga ar an gcaoi chéanna. Ba é an ghné ba mheasa de a bheith gan mhisneach agus éadóchas na ndaoine a bhí ag fulaingt "ag fáil bháis cosúil le caoirigh". Go minic, cailleadh daoine agus iad astu féin. Cailleadh na daoine sin a rinne iarracht an rud ceart a dhéanamh. Ní dhearnadh caointeoireacht fiú ar son na marbh. Níor tholg na daoine a mhair an galar arís, nó má tholg, ní raibh sé marfach. Mhóthaigh siad neamhbhásmhar. Bhí an tionchar ba mheasa orthu siúd a d'fhág an tuath le dul chuig an gcathair. Bhásaigh siad "cosúil le cuileanna". Thosaigh coirp ag carnadh, bhí daoine i mbéal báis ag siúl timpeall ar leathchos. "Thug fir neamhaird ar gach riail creidimh nó dlí". Chaith daoine áirithe coirp ar bhreochairn coirp eile. "Aindleathacht gan fasach". Thosaigh roinnt daoine ag caitheamh a gcuid airgid ar phléisiúr amhail is go raibh deireadh ag teacht leis an domhan. Tréigeadh onóir, ní raibh d'onóir ann ach "pléisiúr an ama". Ní raibh eagla ar bith roimh na déithe mar cailleadh an mhaith agus an t-olc araon. Thit an córas ceartais as a chéile (bhí cúis bháis in aghaidh gach duine). Chuimhnigh go leor díobh ar sheanoracal a dúirt go mbeadh cogadh ann leis na Dóraigh "agus bás ag an am céanna". Tharla domheanmnú do na hAithnigh agus chuir siad brú ar Pheiricléas, ag cur an milleán air as na drochrudaí go léir a tharla dóibh.

(b) 15 mharc 8,7.

Léiríonn Túicídídéas cumas chun cur síos beoga a dhéanamh. Deir sé gur bhain an tinneas dó féin agus is léir go raibh iontas air mar gheall ar na himeachtaí. Déanann sé coimriú ar a raibh le feiceáil aige agus ar an ngiúmar éadóchais a bhí sa chathair ag an am lena chur síos scanrúil. Tá a mhionchuntas ar na siomtóim fós an-soiléir agus uafásach. Tá a chuntas ar thitim morálta agus spioradálta na ndaoine an-réadúil. Léiríonn sé mianach an staraí ag lorg na fírinne ina chuntas ar léirmhíniú daoine ar an oracal le hoiriúint do na himeachtaí a tharla. Éilítear sa cheist tagairtí sonracha dó mar staraí.

(ii) (a) 40 marc Rangú 10, Dul chun cinn 20, Conclúid 10.

Feic Túcídidéaslgh 390-395. Teastaíonn cuntas soiléir den rangú ar an dá thaobh agus ar dhul chun cinn den chath ó thús go deireadh. Tá sé riachtanach béim a chur ar an “eite dheis...a síníodh gan gha agus gach taobh-fhorluí de chlé an namhad agus a dheas féin”. Bhain deacracht do na Spartaigh le diúltú Aristocles agus Hipponoidas orduithe Agis a leanúint. Tá oirbheartaíocht na Spartach agus a misneach níos tábhachtaí anseo.

(b) 10 marc.

Shlánaigh Rí Agis a chlú arís ag Mantinea. Bhí fearg ar na Spartaigh leis de bharr ghabhadh Orchomenus agus theastaigh uathu a theach a tharraingt anuas agus fíneáil 10,000 drachma a ghearradh air.

(iii) 50 marc 13, 13, 12, 12.

Beidh scrúdaitheoirí ag súil le plé ar an tuairim seo agus ní cur i láthair na bhfíricí as féin chun marcanna arda a fháil.

Is deacair easaontú leis an mbreithmheas seo ar an bhFeachtas chun na Sicile; bheadh ar iarrthóirí tagairt a dhéanamh do “ní raibh rud ar bith san fhiontar féin” agus a rá an aontaíonn siad go raibh an milleán ar fad ar Nicias nó nach n-aontaíonn chun marcanna iomlána a fháil. Bhí Nicias in aghaidh an fheachtais ar aon nós. Ba é an phríomhthréith a bhí aige an cúram a ghlac sé, rud nach raibh ag teastáil sa chás seo. Ón uair a tháinig sé, sheol sé timpeall ach rinne sé iarracht gan aon rioscaí a thógáil. Láidrígh sé láthair ar thalamh an tSioracúis agus ansin thréig sé é; rinne sé botún mór gan an taobh thuaidh den bhalla a chríochnú os cionn Epyolae, a cheadaigh do Gylippus teacht isteach. Nuair nach raibh aon bhealach éalaithe ann ach an fharraige, níor bhog Nicias ar fhaitíos go gcaillfeadh sé a chlú san Aithin agus then nuair a bhíothas in ann éalú ar an talamh cheadaigh sé d’éiclips na gealaí an t-imeacht a mhoilliú. Níor chuidigh na dálaí – ceapadh ina cheannasaí aonair é tar éis bhaint Alcaibiaidéis agus bás Lamachus. D’éirigh sé tinn agus d’iarr sé go n-athghairfear é. Bhí sé faiteach, níor thaitin leis cinntí a dhéanamh agus bhí an iomarca tionchair ag céalmhainí air. Theip air go suntasach muinín a fhear a threisiú agus d’éirigh siad domheanmnaithe.

(iv) 50 marc 17, 17, 16.

Beidh scrúdaitheoirí ag súil le plé ar shuntasacht an róil agus ní cur i láthair na bhfíricí as féin chun marcanna arda a fháil.

(Déan tagairt do Thúcídidéas, Leabhar a hOcht, *Beginning of the Persian Intervention*.) Is é an phríomhthoisic anseo an cabhlach Peirseach. Dá uireasa, ní bheadh na Spartaigh in ann an ceann is fearr a fháil ar na hAithnigh ar farraige. Theastaigh ón bPeirs cathracha na Gréige a thógáil ar ais ar chósta na hÁise Bige. Shínigh siad conradh le Sparta ina leith seo. Rinne Alcaibiaidéis iarracht a chur ina luí ar na Peirsigh dul chuig an taobh Aithneach, ach níor éirigh leis. Chuir na Peirsigh an t-airgead ar fáil chun cabhlach Lysander a threalmhú a d’úsáid siad chun na Spartaigh a bhualadh ag Aegospotami 405 R.Ch. a scrios cabhlach na Peirse.

Topaic 2**Alastar Mór**

(i) 50 marc 13, 13, 12, 12.

Ba chóir go mbeadh Olympias sa fhreagra amhail an phríomhbhean ina shaol: a chaidreamh léi nuair a bhí sé óg agus nuair a thóga sé a taobh in argóint le Pilib; a ráiteas le hAntapataer nach fiú ceann dá deora 10,000 dá litreacha; a ghearán chuici i litir níos déanaí faoin gcaoi a raibh sí ag baint an iomarca amach as an naoi mí ina broinn. D'fhéadfaí péire nó trí cinn díobh seo a chur san áireamh chomh maith: Ada as Caria (a mháthair "uchtaithe"); mná theaghlach Dáirias ar chaith sé leo le cúirtéis agus meas; Barsine, a mháistreás; Thasis (scéal Phlútairc de Ioscadh Pheirsipilise); iníon Dháirias; Roxane – máthair a linbh. D'fhéadfaí a theagmháil leis an Pitia a chur san áireamh chomh maith. Timocleia ag an Téibh; caitheamh Alastar léi agus lena leanaí. Chun marcanna arda a fháil, beidh scrúdaitheoirí ag súil go léireoidh iarrthóirí na gnéithe d'Alastar a taispeánadh, agus ní hamháin insint a thabhairt ar an gcaoi a dhéileáil sé le mná.

(ii) (a) 30 marc 10, 10, 10

Tá measúnú nó tuairim ag teastáil sa cheist seo. Do mharcanna iomlána, beifear ag súil go rachaidh iarrthóirí i ngleic leis an ngné sin den cheist.

D'fhéadfadh an iarrthóir argóint a dhéanamh pé bealach sa cheist, ach bheadh sé i bhfad níos éasca aontú le hAirrianas. D'fhéadfaí fianaise a fháil go príomha ó Chath Isis, a chomhfhreagras le hAlastar, Gágaiméala. Lig sé d'Alastar móiminteam a neartú sa chéad bhliain. Bhí Dáirias ag brath ar chomhairle na bplámásaithe (m.sh. bogadh ó áit mhaith roimh Iseas in aghaidh chomhairle Amyntas); an chaoi ar bhraith sé rómhór ar na líon mór trúpaí agus a úsáid dolúbtha fear (go háirithe ag Gágaiméala); léirigh a chomhfhreagras le hAlastar laige; a bhuairt ar an oíche roimh chath Ghágaiméala agus an teipeadh ar a oirbheart speal-carbad; a imeacht tapa ón dá chath; d'fhéadfaí a chur san áireamh go raibh sé in aghaidh ceannasaí airm i bhfad níos fearr, mar sin is pointe bailí é sin chomh maith.

(b) 20 marc 10, 10

Beidh scrúdaitheoirí ag súil le cur síos ar ghabháil Dháirias ag Bessus mar aon le cuntas soiléir ar a bhás, nó Plútarc bheith níos dathannach agus an teagmhaigh féideartha idir Alastar agus Dáirias díreach sula gcailltear é nó an dá rud. Freisin, d'fhéadfaí an cuntas mídhealraitheach go raibh Dáirias sásta a impireacht a ghéilleadh do dhuine chomh fiúntach sin a lua.

(iii) (a) 10 marc Pointe amháin forbartha

Measadh nárbh fhéidir an Charraig a ghabháil agus níor éirigh le hEarcail í a ghabháil. Chuirfeadh an méid sin in iúl do dhaoine eile gur am amú a bhí ann dul i gcoinne Alastair. Bhí sí i lár na frithbheartaíochtaí agus bhainfeadh Alastar an-ghlóir amach de thoradh a gabhála.

(b) 40 marc 14, 13, 13.

Ba chóir go luafadh an t-iarrthóir go mion na dúshláin ar leith a bhí in Aornos agus ba chóir dó/di na cáilíochtaí a bhí ag ardéirim Alastair a mhíniú a lig dó na dúshláin sin a shárú.

D'fhéadfaí a lua gur fhan Craterus in Embolima fad a ndeachaigh Tolamaes ar aghaidh agus gur éirigh leis suíomh (dobhreachnaithe) maith a bhaint amach a bhuíochas le cúnamh ó mhuintir na háite. D'éirigh le hAlastar é a aimsiú in ainneoin iarrachtaí na ndaoine dúchasacha cosc a chur ar cheangal an dá airm. D'ordaigh Alastar do gach fear 100 cuaille a ghearradh chun dumha mór a thógáil thar ailt le go mbeifí in ann an charraig a shroicheadh. Bhí sé 600 troigh ar airde i lá amháin agus thóg sé trí lá é a thrasnú. Bhí suaitheadh ar na daoine dúchasacha agus iad ag iarraidh téarmaí a leagan amach, ach bhí súil acu go mbeidís in ann bailiú leo. D'ionsaigh Alastar iad sula raibh siad in ann dul as amharc.

D'fhonn béim a leagan ar ardéirim Alastair faoi mar a cheanglaíonn an cheist, in áit an scéal a insint amháin, ba cheart na pointí seo a leanas i dtaobh Alastair a bhreacadh síos: a phleanáil roimh an éacht; a sheiftiúlacht i dtógáil an chréoir; an cumas a bhí aige i leith na taobhsmaointeoireachta (a sholúbthacht i gcúrsaí straitéise); an seasamh daingean a bhí aige gan ligean don tíreolaíocht cur isteach ar ionsaí (diongbháilteacht); an cumas a bhí aige a iarraidh ar a arm na rudaí a shílfi a bheadh dodhéanta a dhéanamh (inspreagthóir maith); a fheasacht ar a thábhachtaí atá sé buntáiste síceolaíoch a bheith agat ar an namhaid; an cumas a bhí aige a namhaid a chur amú agus iontas a chur orthu (straitéisí maith ba ea é).

(iv) (a) 20 marc 7, 7, 6

Cur síos ar láthair an champa; na gníomhartha cliste a úsáideadh chun Póras a choinneáil i mbun tuairimíochta agus chun é choinneáil ina shuí i rith na hoíche; tabhairt na mbád ón Londúis; roinnt an airm ina thrí chuid (Craterus ar ais sa champa i gcuideachta móráin den mharcshlua; Meleager ag an bpointe leathbhealaigh; Alastar agus na trúpaí tofa ag dul trasna na habhann); an aimsir; an botún faoi na hoileáin.

(b) 30 marc 10, 10, 10

Teastaíonn anailís chun marcanna arda a fháil sa cheist seo.

In áit cuntas díreach a scríobh, ba cheart don iarrthóir anailís a dhéanamh ar na príomhthosca a lig d'arm Alastair an lámh in uachtar a fháil: a ghasa agus a bhí sé ag dul trasna na habhann, rud nach rabhthas ag súil leis; choinnigh sé cuid mhór den mharcshlua siar go dtí go ndeachthas i ngleic leis na heilifintí; a úsáid chliste as an meitheal faoi Coenus (straitéis den scoth) d'fhonn an cath a bhaint ag pointe cinntitheach. D'fhéadfaí a rá freisin gur chuir easnaimh Phórais le bua Alastair.

Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe

(i) (a) 30 marc 10, 10, 10

Ba chóir do na hiarrthóirí trí mhórpoinnte a dhéanamh faoi charachtar Chaitilíne, a uaimhianta agus a chúinsí. Déanann Sallaistias cur síos air mar dhuine tréitheach ach corbach, meargánta agus glic, flaithiúil ach mímhacánta. Beifear ag súil le tagairt éigin dá mhisneach agus don tslí a raibh sé meáite ar leanúint ar aghaidh i mbun troda nó go raibh an cath thart i gceart. Teastaíonn eolas maith ar Phlútarc agus ar Shallaistias araon chun marcanna iomlána a fháil.

(b) 20 marc 7, 7, 6.

Fuair Cicearó litreacha ó Crassus, fianaise shoiléir den chomhcheilg a thug sé leis chuig cruinniú an tseanaid ina dhiaidh sin. Tugann an seanad cumhachtaí do na consail plé leis an ábhar sa tslí chúí dar leo. Ag cruinniú an tseanaid a reáchtáladh tráth ní ba dhéanaí ina dhiaidh sin, d'ordaigh Cicearó do Chaitilíne an chathair a fhágáil. Chuir gníomhairí Chicearó ar an eolas faoi chruinnithe Lentulus le hambasadóirí Allobroges; gabhadh Lentulus agus comhchealgairí eile. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar chur chun báis na gcomhchealgairí ag Cicearó.

(ii) 50 marc 15, 15, 10, 10

Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an dá théama, an grá agus an cailleadh, ach ní gá dóibh a bheith ar cóimhéid.

Seo a leanas dánta dualgais Chatallus: *Love and Harsh Words; The Effects of Love; Happiness; Love and Hatred; A Prayer; Evening With Licinius; To Cicero; Consolation; The Same; At a Brother's Grave*. Ba cheart go léireodh na hiarrthóirí tuiscint ar na smaointe i gceithre cinn de na dánta seo ar a laghad. Téamaí féideartha ar nós grá mar thinneas in áit áthais; déine a phaisín agus a léin; ruais mná; tábhacht an chairdis; comhbhrón dóibh siúd atá ag caoineadh; an phian a bhraitear nuair a chailltear deartháir; flaithiúlacht spioraid; nádúr macánta pearsanta a chuid dánta.

(iii) (a) 15 mharc 8, 7

Tá cuntas simplí de dhíth.

Déanann Plútarc cur síos ar theacht chun cinn na bhfoghlaithe mara sa Mheánmhuir ina shaothar, *Life of Pompey*, lgh 181-183. Ghabh siad oifigigh agus cuir siad ar fuascailt iad (e.g. Iúil Caesar); ransaigh siad cathracha agus bhí de bhreis ar 1,000 long ina seilbh; scoith siad an Róimh ó chuid mhór dá trádáil agus soláthairtí. Go praiticiúil, níorbh fhéidir leis an loingseoireacht a bheith i mbun feidhme.

(b) 25 marc 9, 8, 8

Déanann Plútarc (lgh 185-187) cur síos ar straitéis Phoimpéis maidir le roinnt na Meánmhara ina trí cheantar déag, ag oibriú ón Iarthar Aniar; chuir sé ceannasaithe i longa chun déileáil leis na foghlaithe mara i ngach ceantar. Fuarthas réidh leo siar ón Iodáil taobh istigh de 40 lá. Bhí an fhadhb ba mheasa sa Chalic, ach mar thoradh ar thrócaire agus ar neart, réitigh Poimpéas an fhadhb ar deireadh agus laghdaigh sé an líon díobh a bhí ann go mór. Rinne sé sin uile i dtrí mhí.

(c) 10 marc 5, 5.

Teastaíonn dhá cháilíocht: fuinneamh; diongbháilteacht; scileanna straitéiseacha; cumas eagraíochtúil; daonnacht i dtaca leis an tslí ar caitheadh le príosúnaigh.

(iv) 50 marc 13, 13, 12, 12.

Táthar ag súil le plé ar na tosca agus ní cur i láthair na bhfíricí as féin chun marcanna arda a fháil.

Trí/ceithre thoisc ar bith a thugann léargas agus tuiscint ar na tosca a bhí i gceist. Is iad *Lives* le Plútarc agus *The Greatness and Decline of Rome* le Sallaistias na téacsanna ábhartha. Tabhair aird ar leith ar lgh 118-119 den cheann deireanach ón saothar, *Anthology of Latin Literature*.

Mar gheall ar an méadú mór a tháinig ar an Róimh, tháinig saibhreas mór isteach sa chathair le sruth ach níor bhain an saibhreas céanna gach earnáil den tsochaí amach. Bhris coimhlint fhiáin amach i measc an aicme ceannais maidir leis an rochtain ar na leibhéil chumhachta, saibhris agus ghradaim. Bhí smacht ar arm fíorthábhachtach d'fhear uaillmhianach (bhí amhlaidh ag Poimpéas agus Caesar, ach ní raibh ag Cicearó), agus d'fhaightí arm dá mba rud é go rabhthas i gceannas ar chúige. Bhí corraíl le sonrú ar shráideanna na Róimhe i rith an ama; d'fhéadfaí prólátáireacht a ghríosú chun foréigin nó d'fhéadfaí an crúibín cam a thabhairt dóibh chun a ndílse a thiontú. D'éirigh go maith le córas polaitíochta na Róimhe nuair a bhí an Róimh ina stát measartha beag, ach ní raibh sé sách fóna nuair a thiontaigh an stát ina impireacht.

Topaic 4 Na Staraithe Rómhánacha

(i) (a) 35 marks Trí phointe fhorbartha 12, 12, 11.

Ba chóir go ndíreofaí ar theacht chun cinn Shéánas den chuid ba mhó sa fhreagra, lena n-áireofaí: a cheannas ar an nGarda Praetóireach; meabhlú Livilla agus dúnmharú a fir chéile, Drusus; imeacht Thibir chun Capri agus an méid a rinne Séánas lena bheatha a tharrtháil; a ghéarleanúint i leith Agrippina agus a leanaí; a thruailliú ar Thibir ina n-éadan; idirghabháil Antonia agus cáineadh drámata Thibir.

(b) 15 mharc 8, 7

Teastaíonn tuairim sa cheist seo agus ní mór don iarrthóir an méid sin a chur in iúl chun marcanna iomlána a fháil.

Bhí Séánas fíor-riachtanach do Thibir mar Mhaor an Gharda Phraetóirigh. Ina theannta sin, thug sé cúnamh do Thibir i dtaca lena achrann le Agrippina agus a cuid páistí. Féadfaidh na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do charachtar Thibir freisin agus don tslí a rabhthas ábalta tionchar a imirt air.

Méin mhíshuairc ghruama Thibir, a uaigneas agus an mothú mídhóchais tar éis bhás Ghearmánacais. De bharr go mb'fhéidir gur tharrtháil Séánas a bheatha, breathnaíodh ar Shéánas mar "[fhíor]pháirtí mo shaothar".

(ii) 50 marc 10, 10, 10, 10, 10. Teastaíonn trí chúis ar a laghad le rogha an iarrthóra i dtaobh an impire is fearr agus pointe amháin ar a laghad i dtaobh an impire eile.

Ní mór do na hiarrthóirí duine amháin de na hImpirí a ainmnítear a roghnú agus údar a thabhairt lena rogha trí chuntas a thabhairt ar a réimeas. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do na gnéithe seo a leanas: rath míleata; reachtaíocht; tógáil leis an Seanad; cúigí; dea-bhainistíocht airgeadais. Iarrtar ar na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh don bheirt impirí ina bhfreagra agus, uaidh sin, ba chóir go luafaí fiúntas ábhartha na beirte acu.

(iii) (a) 40 marc Ceithre phointe, ceann amháin ar a laghad i dtaobh gach impire. 10, 10, 10, 10.

Is é Séatóinias an phríomhfhoinsé (lth 88). Colscaradh Ágastas ó Scribonia agus a phósadh le Livia a bhí ag iompar clainne; a beirt mhac, Drusus agus Tibir; an saol traidisiúnta tí ag an mbaile; bás

Ágastas agus a hoidhreacht i leith trian amháin den eastát agus an teideal, “Augusta”. Iarrachtaí Livia chun Tibir a thabhairt abhaile ó Ródas (lth 121); a saothar chun é a uchtú mar mhac ag Ágastas; tuairimíocht faoin mbaint a bhí aici le cur chun báis Agrippa Postumus tar éis bhás Ágastas; droch-chaidreamh le Tibir (lgh 138-139). Déanann Tacatas cur síos ar an mbaint a bhí aici leis an gcur chun báis agus bhí sí beartach agus smachtúil dar leis. (Feic lgh 33-39). Tugann sé le tuiscint gur chuir sí a ladar i gcúram Piso agus Plancina agus gur thug a míghnaoi ar Agrippina cúnaimh do Shéánas maidir lena fheachtas ina coinne.

(b) 10 marc

Tá tuairim agus míniúchán ag teastáil sa cheist seo.

Molann Tacatas cúlra uasal Livia, a grástúlacht, a nós maireachtála docht príobháideach, a háilleacht agus an tslí a raibh sí ina bean chéile chomhlíontach. Máthair stróinéiseach a bhí inti, áfach. Déanann sé cur síos uirthi mar bhulaí bainneann agus fiú tugann sé le tuiscint go m’fhéidir go raibh lámh aici i mbás a fir chéile. Déanann sé cur síos ar a drochthionchar agus is é a thuairim fúithi ná gur bean bheartach rósmachtúil í.

(iv) 50 marc Ceithre phointe fhorbartha 13, 13, 12, 12.

Tá anailís ar an gcarachtar ag teastáil sa cheist seo. Beidh méid áirithe d’oibriú pearsanta agus de mheasúnú ar Ágastas ag teastáil mar sin.

Is é Séatóinias an phríomhfhoinsé, ach d’fhéadfaí cuntas Tacatas a lua freisin agus don mhéid a deir sé faoi cad a dúradh ag a shochraid. Níl dabht ar bith faoi ach go raibh sé de chumas ag Ágastas/Octáivian drochrudaí cruálacha neamhthrócaireacha a dhéanamh go luath ina ghníomhréim. Mar thriúraí, bhí lámh aige i gcur chun cáis mórán naimhde; tar éis léigear Perusia dhaor sé cuid mhór de na marthanóirí chun báis faoi mar a rinne sé tar éis Philipe. Ba náireach an tslí ar chaith sé lena iníon, Lúilia, freisin. Níorbh fhear é lenar bhain mórán misneach fisiciúil cé gur ghlac sé páirt san iomad feachtas. Bhí sé tréitheach ag an bpolaitíocht agus bhí an-chumas aige a chuid spriocanna a bhaint amach in ainneoin nach rabhtas ag súil lena leithéid. Bhí féith na bolscaireachta ann agus bhí sé in ann fir iontacha a mhealladh chuige amhail Aigrípe, Maecenas, Veirgil agus Horáit.

Topaic 5 An Drámaíocht Ghréagach

(i) (a) 20 marc 10, 10 Dhá phointe fhorbartha

Ba chóir do na hiarrthóirí a mhíniú conas a bhí muinín ag muintir na Téibhe as Éideapús mar gheall ar imeachtaí roimhe sin lenar bhain an Sfioncs. D’fhéadfaidís a cháilíochtaí ceannaireachta, a ghasa agus a bhí sé ag dul i ngleic le fadhb na plá agus a dhúthracht agus a thrua dá dhaoine a lua. Tá na saoránaigh dóchasach gur féidir le fear na taithí fáil réidh leis an bplá sa chathair. Ba chóir go léireodh na hiarrthóirí eolas ar an scéal seo agus ba chóir go mbeidís in ann tacaíocht a thabhairt dá n-eolas trí thagairtí nó athfhríotail a chur san áireamh.

(b) 30 marc 10, 10, 10

Teastaíonn aontú nó easaontú an iarrthóra sa cheist seo – nó meascán díobh. B'fhéidir go mbeadh sé níos éasca do na hiarrthóirí aontú leis an moladh seo. Ar na cáilíochtaí ba cheart a lua (mar aon le tagairtí/athfhriotal mar thacaíocht) tá a éirim, a dhianseasmhacht, a fhéinmhuinín, an dúil a bhí aige cuidiú lena phobal. Ghlacfaí le tuairim an iarrthóra dá gcuirfeadh sé/sí argóint shásúil i láthair go raibh cinniúint anchroíoch amháin ina hábhar le turnamh Éideapús, beag beann ar a charachtar.

(ii) 50 marc Trí phointe fhorbartha 18, 17, 15

Baineann an cheist seo le meán na gcarachtar agus an chóir araon. Beifear ag súil leis go dtabharfaidh na hiarrthóirí aghaidh ar an dá ghné seo.

Déanann Aristophanes líon tagairtí don chogadh idir an Aithin agus Sparta. Níl ag éirí go rómhaith leis an Aithin agus tá siad faoi bhrú millteanach. Tá fás ag teacht faoin díospóireacht maidir le tairiscint síochána ó Sparta ach diúltaíonn na fíordhaonlathaithe í. Impíonn an drámadóir, cóngarach do dheireadh Ghníomh 1, ó chroí ar son athchóiriú na saoránachta do na fir sin a ghlac páirt i gComhairle 400 Comhalta. Chuaigh siad ar seachrán, ach teastaíonn a gcuid tallann ón Aithin anois chun teacht slán as an deacracht. Anuas air sin, spreagann sé (tríd an gcarachtar Aescaileas) an rún chun cuireadh a thabhairt d'Alcaibiaidéas teacht ar ais chuig an Aithin. Sa phíosa deireanach córúil, déanann Aristophanes a éileamh is léire maidir le glacadh na tairisceana síochána.

(iii) 50 marc 13, 13, 12, 12.

Tá anailís ag teastáil sa cheist seo. Ní mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist; ní leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Beifear ag súil le léiriú a n-eolais ar an scéal chun anailís a dhéanamh le marcanna arda a fháil.

Gnéithe dá charachtar; ba cheart ceithre cinn a lua ar a laghad – a dhíomas, a mhídhílseacht, a fhéintábhacht, a neamhaird ar an mionn a ghlac sé, an tslí a mbíodh sé sa tóir ar dhul chin cinn sna haicmí sóisialta; a aineolas ar shaintréith agus ar chumas na chéad mhná céile a bhí aige; a shaontacht; an easpa aire a thug se dá pháistí. Ní mór tacaíocht a thabhairt do na saintréithe trí shamplaí sonracha ó na teagmhálacha idir Iasón agus Méide.

(iii) 50 marc Trí phointe fhorbartha 17, 17, 16

Teastaíonn plé agus tagairt do thuairimí na gcarachtar sa cheist seo. Chun marcanna arda a fháil, beifear ag súil leis go rachaidh na hiarrthóirí i ngleic le scóip iomlán na ceiste seo.

Go bunúsach, ní mór do na hiarrthóirí na tuairimí atá ag bunús na gcarachtar sa dráma a léiriú faoi mar a thaispeántar san athfhriotal. Ba mhaith le Séas an cine a bhánú; b'fhuath le Heirméas an cine daonna; fiú amháin ceapann carachtair sa dráma atá ar thaobh Phroiméitéis gur am amú iad an cine daonna agus tá siad ar buile gur thug sé tine dóibh. I gcodarsnacht leis sin, ní bhíonn aiféala ar Phroiméitéas riamh i dtaca leis an méid a rinne sé ar son an chine dhaonna. Is difriúil ar

fad an tuairim atá aige féin fúthu agus tá sé bródúil as an gcúnamh a thug sé dóibh. Go deimhin féin, is eisean a chruthaigh iad ar ndóigh agus b'fhéidir gur fairsingiú iad ar a fhéineacht. Baineann an-tábhacht anseo leis an ngné amháin den chine daonna a chiallaíonn go bhfuil siad gan tairbhe do bhunús na gcarachtar, i.e. a mbásmhaireacht. Ba cheart tagairtí/athfhriotal ón téacs a úsáid le tacaíocht a thabhairt do na smaointe. D'fhéadfaí a lua gurb é lo an t-aon duine atá sa dráma.

Topaic 6 **An Eipic Ársa**

(i) (a) 30 marc 10, 10, 10

Ba cheart go mbeadh trí ghné díobh seo a leanas san áireamh i gcuntas ar chónaí Odaiséis i measc mhuintir Phaeacia: a chruinniú le Nausicaa agus le Arete agus Alcinous ina dhiaidh sin; na cluichí, lena n-áirítear an díospóid; amhrán an bhaire, Demodocus; imeacht Odaiséis agus diúltú na tairisceana maidir le pósadh le Nausicaa.

(b) 20 marc 10, 10

Teastaíonn tuairim an iarrthóra sa cheist seo. Chun marcanna iomlána a fháil, ní mó don iarrthóir aghaidh a thabhairt air seo.

Bhí cónaí ar mhuintir Phaeacia i ndomhan a bhí cosúil le síscéal, i bhfad ar shiúl ó dhúshláin agus ó chruatan na réaltachta. Is beag go bhfuil cónaí orthu i ndomhan na brionglóide atá sómhar agus saor ó achran. Is dual d'Odaiséas a bheith sa saol dáiríre agus ní bhaineann sé leis an áit seo. D'fhéadfaí a dhiúltú fanacht ann a cheangal le Cailíopsó, fiú nuair a thairgeann sí an neamhbhásmhaireacht dó.

(ii) (a) 25 marc 9, 8, 8

Is iad na príomhfhoinsí anseo Leabhair 2, 3 agus 6. Cé go raibh sé ina bhacainn le tús mhisean Aeinéas, baineann an-tábhacht le Anchises sa scéal a bhaineann le fágáil na Traí i Leabhar 2, a chomhairle agus a thacaíocht leanúnach dá mhac agus a phríomhról maidir le cuairt Aeinéas ar an Domhan Thíos agus ról Anchises maidir le míniú a thabhairt ar an tábhacht a ghabhann lena bhfeiceann sé ansin. Is fíorthábhachtach é freisin i dtaca le nochtadh chinniúint Aeinéas.

(b) 25 marc Trí phointe fhorbartha 9, 8, 8.

Teastaíonn plé ar an tábhacht a bhaineann le haithreacha sa cheist seo. Chun marcanna iomlána a fháil, beifear ag súil leis go rachaidh iarrthóirí i ngleic leis an ngné sin den cheist.

Léiríonn Veirgil an-mheas go deo don tábhacht a bhaineann le saol aithreacha tríd an ómós agus an grá atá ag Aeinéas do Anchises. Ní fhágfaidh sé an Traí gan é agus b'fhéarr leis bás a fháil. Iompraíonn sé é ar a dhroim amach aisti. Reáchtálann sé cluichí dó agus téann sé a fhad leis an Domhan Thíos chun é a fheiceáil fiú. Tá tionchar mór ag Anchises ar Aeinéas agus cuireann sé é i dtreo na hIodáile agus i dtreo a chinniúna iontaí. Is tábhachtach an caidreamh idir Aeinéas agus Ascanius freisin – tá Aeinéas dílis dá mhac agus is é seo an rud a spreagann é bogadh ar aghaidh ó Dhíodó. D'fhéadfaí Aeinéas, athair mhuintir na Traí (Pater Aeneas), Evander agus an trua mhéala i leith chailleadh Pallas a chur san áireamh anseo freisin. Latinus, athair Lavinia.

Déantar tagairt do Daunus, athair Turnus. Glacann Lausus áit a athar ghortaithe sa teagmháil le hAeinéas. Chomh maith leis sin, tá tagairt d'achainí Iarbas ar Iúpatar.

(iii) 50 marc Ceithre phointe dheafhorbartha 12, 12, 12, 14 (4+3/4+3); tuillfidh cnuasú mionmharcanna marcanna freisin.

Iarrtar ar na hiarrthóirí sa cheist seo comparáid agus difríocht a mhíniú. Chun marcanna iomlána a fháil, beifear ag súil leis go rachaidh iarrthóirí i ngleic leis na gnéithe sin den cheist. Tá pointí tábhachtacha comparáide agus difríochta ann, agus tá corrphointe ann nach bhfuil chomh tábhachtach céanna.

D'fhéadfadh iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo trí achoimre a thabhairt ar iomramh na laochra, Odaiséas agus Aeinéas, agus trí na bealaí atá siad difriúil óna chéile agus cosúil lena chéile a léiriú. Is í an Traí an pointe imeachta don bheirt acu; tá dia namhad ag an mbeirt acu (Iúnó i gcás Aeinéas agus Poiséadón i gcás Odaiséis) a dhéanann a ndícheall stop a chur le baint amach a sprice; scriostar a longa agus bíonn siad gafa i stoirmeacha; cuireann mná an bheirt acu ar seachrán óna sprioc; buaileann an bheirt acu leis an gCioclóp, Scylla agus Cairíbdís; déanann an bheirt acu tagairt do Héilin agus don Traí; tugann an bheirt acu cuairt ar an Domhan Thíos. Maidir le difríochtaí: fágann ceann amháin acu an Traí ina bhuaiteoir agus an ceann eile ina chailliúnaí. Tá an-fhonn ar Odaiséas an baile a bhaint amach lena bhean chéile agus lena mhac a fheiceáil; tá an-ghrá aige don bheirt acu seo. Tá cinniúint ollmhór roimh Aeinéas agus é sa tóir ar bhaile nua, agus ní nochtar an t-eolas seo dó ach de réir a chéile. Is é Odaiséas an t-aon cheannasaí ar an gcabhlach, ach tá treoir á fáil ag Aeinéas ó Anchises. Bíonn easaontas idir Odaiséas agus a chomh-iomramhaigh; ní shonraítear a leithéid de neamhréiteach ar na muirastir Thraíocha.

(iv) 50 marc Ceithre ghné 13, 13, 12, 12.

Ba chóir do na hiarrthóirí a chur in iúl go bhfuil tuiscint acu ar na saintréithe a ghabhann le heipic phríomha: foirmlí; catalóga; athrá; buafhocail; scéalta laistigh de scéalta; scéalta gan staonadh nach mbaineann tús ná deireadh cinnte leo; laochas agus cogaíocht; gnéithe osnádúrtha; béim ar logainmneacha; gnéithe den bhéaloideas. Ba cheart samplaí díobh seo a thabhairt ón dá eipic.

Topaic 7 Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí

(i) (a) 35 marc Trí dhán 12, 12, 11.

Seo a leanas dánta dualgais Phroipeirtias: *Two Requests; Susceptibility; Love and Peace; Gone; Gone to Clitumnus; Cynthia is Dead; The God of Love; Cynthia*. Ní mór d'iarrthóirí tagairt a dhéanamh do thrí dhán. Beifear ag súil leis go dtabharfaidh na hiarrthóirí cur síos ar na cineálacha éagsúla giúmair a shonraítear ina dhánta ina gcur síos ar an ngrá, mar aon le samplaí sonracha. Tá cuid acu spráíúil agus greannmhar; tá cuid acu paiseanta agus dian; tá cuid acu an-duairc agus foréigneach; tá cuid acu searbh agus beagnach gealtach.

(b) 15 mharc 8, 7

I measc na ndánta a d'fhéadfadh na hiarrthóirí a úsáid anseo tá *Susceptibility* – is féidir le Proipeirtias gáire faoi féin agus faoina laige i dtaobh an ghrá; an líne dheireanach den dán, *Love and Peace*; a chur síos greannmhar ar an tuath, agus arís is féidir leis gáire faoi féin sa dán, *Gone to Clitumnus*. Ní mór do na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do dhá dhán ar a laghad.

(ii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha 13, 13, 12, 12.

Baineann Livias leas as a chuid scéalta faoin stair ársa chun béim a leagan ar cháilíochtaí áirithe agus tá súil aige go ndéanfaidh na Rómhánaigh nua-aimseartha aithris ar na cáilíochtaí seo. Seo a leanas na sleachta ábhartha: *The Sabine Women*; *Horatius on the Bridge*; *Class Warfare* agus *The Punic Wars*. Ar na cáilíochtaí a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá siad seo a leanas: crógacht fhisiciúil; misneach morálta; neamhleithleachas; dílseacht; tiomantas don leas coiteann; féiniobairt; tírghrá; stuaim; cuibheas; toilteanas chun teacht ar comhréiteach. Ní mór do na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do thrí shliocht ar a laghad.

(iii) (a) 35 marc Ceithre phointe 9, 9, 9, 8.

Tá cur síos simplí de dhíth. D'fhág Horáit an Róimh i gcuideachta Héileadóras agus thug siad aghaidh ar Arica don oíche, agus ar aghaidh ina dhiaidh sin go dtí an Bealach Appiach; shocraigh siad san áit seo an turas a roinnt ina dhá lá. Chinn Horáit go taomach gan rud ar bith a ithe toisc go raibh sé in amhras faoin mbia. Ina dhiaidh sin bhris racán amach – bhí fir na mbáirsí ag cur daoine ar bord, ag fáil a dtáillí agus ag ullmhú na miúile don turas. Agus an báirse ag gluaiseacht leis, choinnigh an torann ó na hainmhithe san uisce ina shuí é. Chan beirt seanfhear amhráin bhrónacha. Tháinig codladh ar cheann amháin acu agus é ag srannadh go glórach. Thit fear na mbáirsí ina chodladh freisin agus thug siad faoi deara ar maidin nár bhog an t-asal ar chor ar bith. Ar aghaidh leo a fhad le Feronia agus Anxur, áit ar chas siad le Maecenas and Veirgil. Tosaíonn súile Horáit ag cur as dó. In Sinuessa, buaileann siad le PlotiusTucca agus Varius Rufus. Bhí gliondar croí ar Horáit a chairde a fheiceáil. Chuaigh siad go Capua ina dhiaidh sin, áit ar éirigh goile Veirgil frithir. D'imir an chuid eile leadóg. In Beneventum, chuir an cócaire an chistin trí thine trí smólaigh a chócaráil. Téann siad go teach Trivicus, áit a bhfuil an tine ag loscadh go dona le lomáin ghlasa. Ar aghaidh leo ansin go baile atá chomh barbartha sin nach féidir leis a ainm a rá. Is daoire an t-uisce ná an fíon ann, agus is deacair arán a fháil ann fiú. Níl bia maith ar bith ag Canusium – b'fhéarr cloch a ithe anseo.

(b) 15 mharc 8, 7

Nádúr oscailte lách Horáit; a dhílseacht dá chairde agus an aird atá aige ar chomhluadar maith; a bhreathnú greannmhar ar imeachtaí agus ar charachtair beaga; an cumas atá aige gáire faoi féin agus faoina laigí beaga. Is coimhthíoch é in áit iargúlta faoin tuath; is breá leis a chompond.

(iv) (a) 25 marc 9, 8, 8

Tá Óivid dubh dóite; tá sé confach leis an duine a scríobh an litir chuige; síleann sé go bhfuil a chuid cumhachtaí fileata ag dul chun donais; measann sé go bhfuil sé i sáinn agus go bhfuil sé thíos níos mó ná Priam nó Niobe. Tá trua aige dó féin. Creideann sé gur barbartha an áit ina

bhfuil sé agus nach mbeadh Sócraitéas féin in ann cur suas leis dar leis. Ní thig leis cur suas le nádúr “neamhliteartha” na háite (Tomis cóngarach don Mhuir Dhubh) agus is “borb” an teanga inti dar leis. Deir sé gur beag go bhfuil dearmad déanta aige ar an Laidin de thairbhe na háite seo. Is mian leis scríobh, ach ní féidir leis agus is fuath leis an ealaín (an fhilíocht) a chuir an drochriocht seo air.

(b) 25 marc 9, 8, 8

Tá comparáid ag teastáil sa cheist seo. Seo a leanas na dánta eile: *Baucis and Philemon; Myself; Advice to Women; The Art of Love* agus *Unfair*. Ba cheart tagairt a dhéanamh do thrí cinn acu seo ar a laghad. Na cineálacha giúmair eile a bhíonn air: tíriúil agus rómánsach; moráltaíoch; aerach agus éadromchroíoch; ciniciúil; éadóchas urghrána; is sa dán, *Unfair*, amháin ina sonraítear an giúmar céanna de sheirbhe fhéin-truamhéalach, ach go bhfuil sé dírithe ar a leannán sa chás sin.

Topaic 8 Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige

(i) (a) *Lekythosa* thugtar air (5) agus baineadh úsáid as chun ola a stóráil (ofráil uaigne ba ea é freisin) (5). (10 marc)

(b) Ba é Amasis péintéir an vása seo. Péintéir Amasis. (5 mharc)

(c) 15 mharc 5, 5, 5

Léirítear mórshiúl pósta ar an vása, mar aon le fíoracha ina seasamh, capaill agus daoine ina suí ar chairt. Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le pointe tráchta amháin ar a laghad ar an gcáilíocht ealaíne, e.g. grásta nósúil, aire do mhionphointí lena n-áirítear áilleacht na n-éidí, maisiú gruaige a cíoradh go cúramach a théann a fhad le moingeanna agus le heireabaill na gcapall. Galántacht an tsaothair, maisiú álainn; sampla sonrach de seo.

(d) 20 marc 7, 7, 6

Dhéantaí an maisiúchán nuair a bhíodh an chré cruá. Chlúdaíte an dromchla le leachtbhrat tanaí a d'fhágadh dath snasta saghas dearg air. Phéinteáiltí an t-ábhar dearaidh mar shnáthchruth dubh le mionobairghreannta agus dathanna bána agus dearga dorcha mar dhathanna breise ag gabháil leis an dubh. Feic Richter, lgh 319.

(ii) (a) Eipeadáras. (5 mharc)

(b) Polykleitos Óg. (5 mharc) Polykleitos (3 mharc)

(c) (4 x 5 mharc)

Skene– foirgneamh ardáin ina bhfuil póidiam agus limistéar gléasta; *orchestra* – limistéar ciorclach os comhair an *skene*; *parodos*– dhá phasáiste isteach mar aon le doirse a dtagadh an lucht féachana agus an cór tríothu; *theatron*– an limistéar féachana san amharclann.

(d) 20 marc Trí phointe fhorbartha 7, 7, 6

Ba chóir do na hiarrthóirí a mhéad a bhí an amharclann a lua siocair go raibh an drámaíocht ina cuid lárnach de shaol na saoránachta (an *polis*) agus go raibh lucht leanúna mór aici; an dearadh a d'éascaigh soiléireacht féachana agus éisteachta do 14,000 duine; an limistéar ardaithe i gcomhair na n-aisteoirí agus an spás san oircestra faoi choinne damhsa córúil nó faoi choinne suíocháin bhreise b'fhéidir; an láthair shuí a dearadh go maith lenar bhain aiseanna gathacha chun ligean don lucht féachana a suíocháin a bhaint amach gan stró. D'fhéadfadh na hiarrthóirí a lua freisin gur mhair an dearadh seo aníos trí na céadta i gcomhair limistéir thaibhithe phoiblí.

(iii) (a) Séadchomhartha uaigne ba ea steil. (5 mharc)

(b) 25 marc 9, 8, 8.

Ba chóir do na hiarrthóirí cur síos a thabhairt ar an dealbh trí úsáid a bhaint as na téarmaí a leanas: Sfioncs mór ilchasta atá snoite ina iomláine agus a n-amharctar air ón uile taobh – bhí sé seo an-choitianta sa tréimhse seo; mullach colúin *cavetto*; barrghrías; snoíodóireacht rilífe éadomhain. Gruaig, seasamh, miongháire, taobh-amharc cosúil le *kouros*. (Tá an steil os cionn ceithre mhéadar ar airde. Tá cailín beag in éineacht le hógánach. Tá gránúil i lámh chlé an ógánaigh, agus tá an t-araballas a shuaithníonn é mar lúthchleasaí ar crochadh óna rosta.)

(c) 5 mharc

Baineann an steil leis an Meánré Ársa, idir 580 agus 535 R.Ch. **Ní bhronntar ach 2 mharc** as “ársa” amháin.

(d) 15 mharc 5, 5, 5

Ba cheart tagairt a dhéanamh do thrí cinn acu seo a leanas: In áit a bheith suite go cothrom ar an mullach colúin, tá an Sfioncs seo níos réalaíche agus é cromtha macasamhail chait, rud nach sonraítear i sfioncsanna go luath sa ré ársa; tá mullach colúin na steile níos airde ná steilí níos luaithe. Tá an tsnoíodóireacht rilífe an-bheoga agus léirítear múnú cruinn nó comhrianach de mhataín inti, murab ionann le snoíodóireacht sa tréimhse luath den ré ársa; is cinnte gur ársa iad aghaidheanna an tsfioncs agus an dá fhíor agus tá miongháirí ársa léire orthu; súile bleibeacha; tá an ghruaig an-stílithe agus an-mhaisiúil; gné ó lár na ré ársa ná trilseáin ghruaig an tsfioncs atá as ionad.

(iv) (a) An carbadóir cré-umha (3) i nDeilfe. Carbadóir = 2; (5 mharc)

(b) Is é an cuspóir a bhí aici bua i rás carbad a chomóradh. Deir Richter, ‘curtha in airde mar ofráil mhóideach tar éis rása’. **(5 mharc)**

(c) Baineann sí le tréimhse na Luathré Clasaicí den dealbhóireacht Ghréagach idir 480 agus 450 R.Ch. Ní bhronntar ach 2 mharc as “clasaiceach” amháin. **(5 mharc)**

(d) **20 marc 7, 7, 6**

Gnéithe den dealbh seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla dá tréimhse: tollteilgin cré-umha í; an breathnú fíor-réalaíoch ar an gcruth daonna; an dreach agus an giúmar uasal sollúnta; rindreáil shimplí nádúrtha na héadaitheoireachta; gluaiseacht ar fionraí.

(e) **15 mharc 5, 5, 5**

Bhí cruthú dealbh chré i gceist le tollteilgean cré-umha; choirtítí le céir leáite í; chlúdaítí an mhéid sin le sraith chré a bhí tiubh agus láidir go leor chun brú an mhiotail leáite a sheasamh; choinníítí le chéile í le slata iarainn a chuaigh a fhad le croílár na mionsamhla cré. Ina dhiaidh sin, leáití an chéir amach agus d’fhágtáí bearna idir croílár na mionsamhla cré agus an múnla amuigh. Dhoirtítí cré-umha leáite (cóimhiotal d’umha agus de stán) sa bhearna leis an spás ina mbíodh an chéir roimhe sin a líonadh. Tar éis don chré-umha éirí fuar agus crua, smiotaí an múnla agus d’fhuaraítí agus chríochnaítí an fhíor chré-umha chríochnaithe.

Topaic 9

An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón

(i) (a) **25 marc 9, 8, 8**

(Feic *Poblacht* le Platón, ailt 414-415). Tosaíonn an miotas iontach le ceapadh agus le tógadh daoine i gceartlár an domhain (a máthair). Leanann sé ar aghaidh agus míníonn sé go bhfuil ór sna Rialtóirí, go bhfuil airgead i ndream eile (na Saighdiúirí Cúnta) agus go bhfuil iarann agus cré-umha i ndream eile (Feirmeoirí agus Oibríthe). Is ríthábhachtach é na páistí a chur sa ghrúpa ceart ó thaobh a gcáilíochtaí de ós rud é nach mór do gach ceann acu pé rud a dhéanamh is oiriúnaí dóibh.

(b) **10 marc 5, 5**

Is ríthábhachtach é ar mhaithe leis an leas coiteann go ndéanann gach duine cibé rud a bhfuil bua acu ina leith agus go ndéanann siad rud a théann chun leasa gach duine. Ciallaíonn an comhbhráithreachas go n-oibríonn cách chun leasa an stáit uile. Beidh síth le sonrú i measc na n-aicmí sa Stát Idéalach má bhíonn daoine muiníneach as an Miotas agus beidh siad dílis don Stát dá bharr.

(c) **15 mharc Dealramh**

Ní mór don iarrthóir tuairim phearsanta a chruthú sa cheist seo chun marcanna arda a fháil. D’fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá dtuairim trí thagairt a dhéanamh don téacs.

(ii) 50 marc Trí phointe fhorbartha. 17, 17, 16.

Teastaíonn tuairim faoi charachtar sa cheist seo. Beifear ag súil leis go rachaidh iarrthóirí i ngleic leis an ngné sin den cheist. Ba cheart go ndéanfaí measúnú ar charachtar Phlatón bunaithe ar *Beatha Dion* le Plútarc; níor mhór go dtabharfaí tacaíocht do gach saintréith bunaithe ar na himeachtaí sa téacs.

(iii) (a) 15 mharc 5, 5, 5

Ba cheart go gcuirfí cosc le gach scéal a léiríonn na déithe i mbun coireanna nó doghníomhartha. Níor cheart go léireofaí iad i mbun caimiléireachta, insint bréige nó aimhleasa. Ina theannta sin, níor cheart go léireofaí laoch ar bith agus eagla orthu roimh an mbás nó iad i mbun iompraíocht mhíchuibhiúil (gáire neamh-mheasartha ar bith!) Níor cheart go mbeadh scéalta ann ina dtugtar luach saothair as doghníomhartha a dhéanamh. Níor cheart cead a thabhairt do scéalta ach oiread a chuireann eagla ar pháistí roimh an mbás de thoradh pictiúir ghruama nó scanrúla den Domhan Thíos. Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le tagairtí sonracha.

(b) 20 marc 7, 7, 6

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le mínithe soiléire ar chúiseanna Phlatón cosc a chur le cineálacha áirithe scéalta arna bhforbairt sa *Phoblacht*. Ba cheart nach mbeadh ach cuspóir amháin ag scéalta – leas an stáit a chur ina luí ar na páistí. Is éasca dul i gcion ar pháistí agus, uaidh sin, is ríthábhachtach go mbíonn an tionchar ceart foirmitheach ag scéalta orthu.

(c) 15 mharc 8, 7

Tá freagra pearsanta bunaithe ar eolas ar an téacs riachtanach anseo. Tig le hiarrthóirí aontú nó easaontú agus dhá chúis ar a laghad a thabhairt dá n-argóint.

(iv) (a) 35 marc 12, 12, 11

Tá míniú soiléir ar argóintí Shócraitéas riachtanach ag taispeáint indéantacht an Stáit Idéalaigh. Tá argóint Shócraitéas bunaithe ar phéintéireacht. Deir sé nár cheart péintéireacht d'fhear dóighiúil a dhiúltú toisc nach féidir leis an bpéintéir a chruthú go bhféadfadh a leithéid d'fhear a bheith ann. Cuireann sé in iúl nach ionann an cleachtas agus an teoiric agus, dá bhrí sin, gur cheart “na coinníollacha a aimsiú ina bhféadfaidh stát a bheith cosúil leis a mhéad agus is féidir” (i.e. an stát idéalach).

(b) 15 mharc

Tig le hiarrthóirí aontú nó easaontú ach ba chóir dóibh cúis mhaith amháin a thabhairt ar a ndearcadh le tacaíocht trí thagairt don téacs.

Topaic 10 Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach

(i) (a) 15 mharc 3, 3, 3, 3, 3

a = fóram

b = margadh

c = Teampall Lares

d = baisleac/halla an bhaile

e = Teampall Apalló

(b) 15 mharc 8, 7

Ní raibh an gnáthphatrún eangaí sa bhunbhaile *Oscan* sa chuid scáthaithe agus a bhí sna bailte Rómhánacha, agus bhain forbairt fhánóideach leis mar is féidir a fheiceáil i ndeisceart an bhaile. Tá an gnáthleagan amach eangaí sa bhaile Rómhánach níos faide anonn. Tháinig dhá phríomhshráid dhíreacha le chéile ar dhronuillinneacha; sráideanna dronlíneacha; *insulae*; coinníodh an lár ba shine mar aonad imeallach. Tagairt fhéideartha do phlean *Hippodamean*. D'fhéadfadh na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh don láthair chósta.

(c) 20 marc 7, 7, 6 Trí phointe fhorbartha

Beidh na scrúdaitheoirí ag súil le tagairtí na n-iarrthóirí d'amharclanna beaga agus móra, d'amfaitéatar, do *palaestra*, agus do thrí theach folctha. D'fhéadfaidís cur síos gearr a dhéanamh ar na háiseanna sna folcadáin, an drámaíocht san amharclann; ceol agus filíocht san *odeon* agus tóraíocht na mbeithíoch agus troideanna na ngliairí san amfaitéatar.

(ii) (a) An *scaenae frons*. 5 mharc Tagairt ar bith don ardán/halla éisteachta 2 mharc

(b) 20 marc 5, 5, 5, 5

Cruth na litreach D mar aon le *scaenae frons* ard ceangailte leis an láthair shuí; *scaenae frons* faoi mhaisiú ailtireachta (doirse, cuasáin faoi thacaíocht colún agus dealbha); *cavea* leathchiorclach arna roinnt ag cosáin ghathacha agus arna scoilteadh i rannóga *summa*, *media* agus *ima*; oirceastra a bhfuil cruth crú capaill air; ardán ardaithe faoi dhíon.

(c) 15 mharc 8, 7

Bhí na hamharclanna Gréagacha ní b'oscailte agus bhí na hamharclanna Rómhánacha ní b'iata agus ní ba dhlúithe; mar gheall ar an *scaenae frons* ard a bhí ceangailte leis an láthair shuí, bhí an lucht féachana scartha ón domhan amuigh in amharclann Rómhánach; ceapadh Rómhánach ba ea an *scaenae frons* mór. Ciorcal iomlán ba ea an t-oirceastra Gréagach, ach bhí cruth crú capaill ar an oirceastra Rómhánach.

(d) 10 marc 7, 3

Tá poill os comhair roinnt suíochán agus is cosúil gur baineadh úsáid astu chun na rópaí i gcomhair scáthbhrat a dhaingniú. I gcorr-amharclann (lena n-áirítear Orange), tá coirbéil saoirseachta ar mhullach an fhoirgnimh; is cosúil gur baineadh úsáid astu chun crainn a iompar i gcomhair na scáthbhrat.

(iii) (a) Commodus. 5 mharc

(b) 10 marc Pointe amháin forbartha

Léirítear an t-impire mar an laoch, Earcail – ba ghnách le hEarcail craiceann an Leoin Néiméach a chaitheamh agus bhíodh cleith á hiompar aige i gcónaí. Ba mhian leis a bheith mar seo.

Leitheadas D'fhéadfadh na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do na líomhaintí i leith Commodus gur bhuail sé an lucht déirce le cleith go dtí go bhfuair siad bás.

(c) 20 marc 7, 7, 6.

Cuireann gruaig ('boladh bréan an *pomade* air') agus féasóg an impire atá cíortha go cúramach agus a lámha maisithe an leitheadas in iúl. Léiríonn a chraiceann atá chomh bán le sneachta agus a lámha laga, chomh maith lena aghaidh neamhtheann dhearóil an bhaineandacht. Tugann an léiriú air macasamhail Earcail leis an gcleith agus craiceann leoin le fios go raibh dúil aige sa chruálacht, san fhoréigean agus fiú sa sádachas. Is í an íomhá iomlán a chruthaítear de ná gur rialtóir leitheadach, baineann, sádach é.

(d) 15 mharc 8, 7

Murab ionann leis an léiriú laochta ar Commodus a chuireann a leitheadas in iúl, is deacair Ágastas a aithint sa fhríos ar an Ara Pacis. Tá sé mar an "primus inter pares" agus ní léir go bhfuil sé ag cur a phearsantachta féin chun cinn os cionn cách uile. Tá fleasc timpeall air agus tá caille air. Dea-shampla é den "dea-bhéasa ciúine agus muinín neamh-mhothaitheach" sa ré Ágastach. Sampla maith í portráid Commodus de "chultas pearsan" an impire Rómhánaigh a tháinig ina dhiaidh sin.

(iv) (a) 15 mharc 8, 7

Tá triúr ban agus cailín óg ag tabhairt ofráil agus ag tabhairt ómóis don dia Diníseas atá ina shuí. Tá ceann de na mná ag cur fleisce ar cheann an dé (cuma fhuaránta air).

(b) 15 mharc 8, 7

Tarraingítear an phéintéireacht le buillí an-scaoilte scauibe. Ní dhírítear ar shonraí áirithe ar bith; tarraingítear an radharc iomlán go réidh agus léiríonn an t-ealaíontóir solas agus scáth trí bhuillí leathana simplí. Níl mionsonraí ar bith le feiceáil ach díritear níos mó ar na dathanna agus ar an solas. Féadtar an méid seo a fheiceáil i bpéinteáil na gcultacha arna gcaitheamh ag na fíoracha, an doiléire sa chúlra; leagann an úsáid as dathanna atá in imeartas le chéile agus as an mbán béim air seo. Is beag go gcuirtear gnéithe aghaidhe an dé agus na mban in iúl fiú. Tá an phéintéireacht seo an-chosúil leis an ngluaiseacht Impriseanaíoch i bpéintéireacht an 19ú haois.

(c) 20 marc 7, 7, 6

D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas seo, nó d'fhéadfaidís aontú **agus** easaontú leis. Ba chóir dóibh tagairt a dhéanamh do thrí phéintéireacht aonair ar a laghad (lena n-áireofaí an phéintéireacht i **bhFótagraf H** b'fhéidir) d'fhonn tacaíocht a thabhairt dá dtuairim.

Na hargóintí a d'fhéadfaidís a shonrú i bhfabhar an ráitis:

- Tá na saothair phéintéireachta tarraingteach, ach níl siad nua ná galánta – rinneadh barraíocht chóipeála ar na bunsaothair Ghréagacha. Tá cuid mhór acu gleoite ach ní sheasann siad amach (e.g. péintéireacht Dhinísis; Capall Adhmaid na Traí).
- Sonraíodh na téamaí agus na saothair chomhchosúla an iomarca – an-choimeádach ach ní an-nua (e.g. na radhairc uile ar scrínte agus ar thírdhreacha).
- Roinnt droch-línitheoireacht theicniúil (e.g. péintéireacht Aichill).

- Radhairc leadránacha neamhiontacha iad mórán de na saothair phéintéireachta is fearr (gairdíní; ábhar neamhbheo).

Na hargóintí a d'fhéadfaidís a shonrú i gcoinne an ráitis:

- Tiontaítear an t-ábhar is gnáiche ina shaothar álainn trí aire ó chroí a thabhairt do sholas agus do scáth, d'uígeacht agus do dhathanna (go háirithe na saothair phéintéireachta de na húlla i mbabhla gloine nó den bhia mara arb ábhar neamhbheo iad).
- Smacht maith ar pheirspictíocht agus ar dhoimhneacht (Gairdín Livia; Capall Adhmaid na Traí; tírdhreach Stabiae).
- Fianaise ar an impriseanachas 2,000 bliain sular “ceapadh” é (i bpéintéireacht Dhinísis agus i gCapall Adhmaid na Traí).
- Feabhas na mionsonraí i bpéintéireacht bhaile (tírdhreacha; ábhar neamhbheo agus péintéireacht amharclainne; Gairdín Livia).

